# Polasaí Fianán le haghaidh Shuíomh Gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

Halla na Cathrach
City Hall
Bóthar an Choláiste
Gaillimh
H91 X4K8

Version 1.2
Eanáir 2025

**Réamhrá**

Leagtar amach sa bheartas príobháideachais seo an bealach a n-úsáidfidh an Chomhairle fianáin agus sonraí pearsanta a bhailítear ar a suíomh gréasáin. Ní bhailíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe aon sonraí pearsanta faoi chustaiméirí ar a suíomh gréasáin. Bailítear seoltaí Prótacal Idirlín (IP). Ós rud é gur féidir iad sin a mheas mar shonraí pearsanta, d'fhorbair an Chomhairle beartas fianán chun trédhearcacht agus cuntasacht a chur ar fáil dár gcustaiméirí.

**Cad is fianáin ann?**

Is píosaí beaga téacsanna iad fianáin a stóráiltear/a shábháiltear ar do ghléas ina mbíonn sonraí a bhaineann leis an suíomh gréasáin ar ar thug tú cuairt.

Faoi rialachán 5(3)(a) den Treoir maidir le ríomh-Phríobháideachas a cuireadh i bhfeidhm le hIonstraim Reachtúil Uimh. 336 de 2011, ní mór do dhuine toiliú a thabhairt maidir le fianáin a úsáid sa chás go stórálann an suíomh gréasáin faisnéis nó go mbíonn rochtain aige ar fhaisnéis.

Nuair a bhíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag cur seirbhís sochaí faisnéise ar fáil a d'iarr custaiméir, ní gá toiliú a fháil ón gcustaiméir. Leagtar é sin amach i rialachán 5(5) de I.R. 336 2011.

**Cineálacha Fianán a úsáideann Comhairle Cathrach na Gaillimhe**

Úsáideann Comhairle Cathrach na Gaillimhe dhá chineál fianán. Seo a leanas iad:

1. Fianáin riachtanacha

2. Fianáin neamhriachtanacha

**Fianáin riachtanacha**

Bíonn fianáin riachtanacha ag teastáil le haghaidh feidhmiúlacht suímh gréasáin agus chun seirbhís nó idirbhearta ar líne a chur ar fáil. Bíonn na fianáin seo ag teastáil freisin chun cumarsáid a tharchur thar an suíomh gréasáin.

**Fianáin neamhriachtanacha**

Ní bhíonn na fianáin seo riachtanach chun suíomh gréasáin a fheidhmiú ná ní bhíonn siad ag teastáil chun seirbhísí nó idirbhearta ar líne a chur ar fáil. Fianáin neamhriachtanacha nach dtagann faoi shainmhíniú fianáin riachtanacha. De ghnáth, baintear úsáid as na fianáin neamhriachtanacha seo chun anailís a dhéanamh ar d'iompar, chun rianaithe fógraíochta a dhéanamh nó chun fógraí a thaispeáint duit. Is samplaí d'fhianáin neamhriachtanacha iad Google Analytics agus Facebook Pixel. Ní mór toiliú soiléir a fháil chun fianáin neamhriachtanacha a úsáid.

**Rogha Fianán**

Nuair a roghnaíonn tú rogha fianán ar mheirge na roghanna fianán, beidh an suíomh gréasáin ar an eolas faoin rogha an chéad uair eile a thabharfaidh tú cuairt ar an suíomh gréasáin, agus ní thaispeánfar aon mheirge ar do chéad chuairt eile.

Má roghnaíonn tú fianáin uile, stórálfar fianáin riachtanacha agus fianáin neamhriachtanacha araon ar do ghléas.

Nuair a roghnaíonn tú go díreach fianáin riachtanacha, ní úsáidfidh an suíomh gréasáin ach fianáin chun feidhmiúlacht an tsuímh ghréasáin agus chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar.

Má roghnaíonn tú fianáin neamhriachtanacha, ligeann tú d'fhianáin tríú páirtí amhail Google Analytics agus Facebook Pixel rochtain a fháil ar shonraí. Ligfidh sé freisin d'fhógróirí do chuid gníomhaíochta a leanúint agus fógraí a thaispeáint.


Mura ndéanann tú rogha, áfach, ní úsáidfear aon fhianáin ar an suíomh gréasáin. Gach uair a rachaidh tú isteach ar an suíomh gréasáin, beidh an meirge "rogha" le feiceáil arís.


**Nuashonruithe fianán**

Déantar fianáin a nuashonrú go míosúil, ~~agus beidh an meirge @custaiméir”~~ agus an meirge “fianáin” le feiceáil arís ag iarraidh ar an gcustaiméir/cuairteoir toiliú úr a chur ar fáil.

**Stair fianán a ghlanadh nó rochtain ar fhianáin a shrianadh**

Is féidir leat rochtain ar fhianáin a shrianadh trí chliceáil ar na 3 phonc ar thaobh na láimhe deise ag barr leathanach an bhrabhsálaí (Microsoft Edge & Google Chrome). Féadtar stair bhrabhsála agus stair fianán a scriosadh freisin.






Ar fhón póca, is féidir dul isteach i socruithe an fhóin agus isteach in ainm an bhrabhsálaí a úsáideann tú, iPhone Safari, agus an stair agus na fianáin a scriosadh ón bhfón. Nuair a scriosann tú stair agus/nó stair fianán, ní bheidh rochtain ag suíomh gréasáin ar d'fhaisnéis phearsanta a thuilleadh.

**Cineálacha Sonracha Fianán a úsáideann Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an fáth a n-úsáidtear iad**

Rangaíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe a chuid fianán mar seo a leanas:

(a) Fianáin Riachtanacha/Éigeantacha

(b) Fianáin Sainrogha

(c) Fianáin Staitisticí

(d) Fianáin Mhargaíochta

(e) Fianáin Neamhrangaithe

Tá sonraí faoi na cineálacha fianán, dá dtagraítear thuas, leagtha amach i Sceideal 1 an pholasaí seo.

**Fianáin Riachtanacha**

Is fianáin a bhíonn ag teastáil iad na fianáin riachtanacha. Tá 8 bhfianán riachtanach in úsáid ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá gach ceann acu chun críche ar leith. Is féidir na sonraí a fháil sa sceideal thíos. Mar sin féin, chun críocha trédhearcachta, leagtar amach thíos sampla de chineál fianáin, a úsáid agus a thréimhse éaga.

Is é 1.Gif ainm na húsáide fianáin. Soláthraíonn Cookiebot an fianán, agus úsáideann Comhairle Cathrach na Gaillimhe é chun líon na seisiún ar an suíomh gréasáin a chomhaireamh. Tá sé riachtanach le haghaidh ardán bainistíochta comhsheasmhach (CMP) ionas go mbeidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe in ann seachadadh táirge a bharrfheabhsú. Ní choinnítear na sonraí ach amháin ar feadh na tréimhse a bhíonn custaiméir/cuairteoir ar an suíomh gréasáin.

**(B) Fianáin Sainrogha**

Baintear úsáid as fianáin sainrogha chun ligean do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe cur ar chumas gréasáin cuimhneamh ar fhaisnéis a athraíonn leagan amach nó an chuma a bhíonn ar an suíomh gréasáin. Sampla is ea nuair is mian le custaiméir an teanga a athrú go Gaeilge.

Ní úsáideann Comhairle Cathrach na Gaillimhe ach fianán sainrogha amháin ar a láithreán gréasáin. Is é Acast Lang ainm an tsoláthraí fianán. Soláthraíonn Acast an fianán agus mar a leagtar amach thuas, tá sé ann chun rogha teanga a sholáthar don chustaiméir/cuairteoir. Níl am éaga ag an bhfianán seo agus bíonn sé in úsáid i gcónaí.

**Fianáin Staitisticí**

Bailíonn fianáin staitisticí sonraí anaithnidithe ar shuíomh gréasáin an chustaiméara agus cuirtear ar fáil iad do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Úsáideann Comhairle Cathrach na Gaillimhe na fianáin sin chun cabhrú le húinéirí an tsuímh gréasáin tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn custaiméirí le suímh ghréasáin. Tá 6 fhianán staitisticí in úsáid ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Is é _gid sampla d’fhianán staitistice agus is é Google an soláthraí. Cruthaíonn an fianán seo aitheantas uathúil agus gineann an t-aitheantas sin sonraí staitistiúla ar an gcaoi a n-úsáideann cuairteoir/custaiméir láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Téann an fianán sin in éag lá amháin tar éis a úsáide.

**Fianáin mhargaíochta**

Is féidir le fianáin mhargaíochta a úsáideann Comhairle Cathrach na Gaillimhe faisnéis chustaiméirí a rianú ar fud na suíomhanna gréasáin a bhfuil rochtain acu orthu. Féachann na fianáin seo le fógraí atá ábhartha agus tarraingteach d'úsáideoirí aonair a chur ar fáil. Bíonn rochtain ag foilsitheoirí agus ag fógróirí tríú páirtí ar na fianáin sin toisc go bhfuil na sonraí pearsanta níos luachmhaire.

Tá 24 fianán margaíochta ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Sampla d'fhianán margaíochta is ea Requests. Is é Youtube soláthraí an fhianáin. Úsáidtear an fianán sin chun idirghníomhaíochtaí cuairteora/custaiméara le hábhar leabaithe a rianú. A luaithe a dhúnann an custaiméir/cuairteoir an leathanach, stadann an fianán de bheith ag bailiú sonraí.

**Fianáin Neamhrangaithe**

Is fianáin iad seo nach bhfuil rangaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Táimid ag obair ar a rangú. Déanfar an polasaí seo a nuashonrú nuair a dhéantar na fianáin sin a rangú ach is féidir leat féachaint orthu ar sceideal 1.

**Sainrogha ar an Suíomh**

Nuair a théann custaiméir/cuairteoir ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, beidh an rogha acu fianáin is fearr leo a roghnú. Tá ár meirge fianán leagtha amach thíos.



## Teagmháil

Má tá aon cheist agat nó imní ort nó más mian leat do chearta RGCS a agairt, déan teagmháil le dpo@galwaycity.ie

## Sceideal 1

Cabhraíonn fianáin riachtanacha le suíomh gréasáin a dhéanamh inúsáidte trí fheidhmeanna bunúsacha amhail nascleanúint leathanaigh agus rochtain ar réimsí slána den suíomh gréasáin a chumasú. Ní féidir leis an suíomh gréasáin feidhmiú i gceart gan na fianáin sin.

| Ainm | Soláthróir | Cuspóir | In éag | Cineál |
|---|---|---|---|---|
| 1.gif | Cookiebot | Úsáidtear é chun líon na seisiún ar an suíomh gréasáin a chomhaireamh, bíonn sé ag teastáil chun seachadadh táirge CMP a bharrfheabhsú. | Seisiún | Picteilín |
| __cf_bm | Vimeo | Úsáidtear an fianán seo chun idirdhealú a dhéanamh idir daoine agus róbait. Tá sé seo tairbheach don suíomh gréasáin, d'fhonn tuarascálacha bailí a dhéanamh ar úsáid an tsuímh gréasáin. | lá amháin | HTTP |
| _cfuvid | Vimeo | Ar feitheamh | Seisiún | HTTP |
| __sharethis_cookie_test__ | Sharethis | Socraíonn an fianán seo an nglacann an brabhsálaí le fianáin nó nach nglacann. | Seisiún | HTTP |
| CMSSESSID# | www.galwaycity.ie | Coinníonn sé staideanna úsáideoirí ar fud iarratais leathanaigh. | Seisiún | HTTP |
| CookieConsent | Cookiebot | Stórálann sé staid toilithe fianán an úsáideora don fhearann reatha. | bliain amháin | HTTP |
| PHPSESSID | www.galwaycity.ie | Caomhnaíonn sé staid seisiúin úsáideora ar fud iarratais leathanaigh. | Seisiún | HTTP |
| YII_CSRF_TOKEN | www.galwaycity.ie | Cinntíonn sé slándáil brabhsála cuairteoirí trí bhrionnú iarratais tras-láithreáin a chosc. Tá an fianán seo riachtanach do shlándáil an tsuímh gréasáin agus an chuairteora. | Seisiún | HTTP |

Cuireann fianáin sainrogha ar chumas suíomh gréasáin cuimhneamh ar fhaisnéis a athraíonn an leagan amach nó an chuma a bhíonn ar an suíomh gréasáin, amhail an teanga is fearr leat nó an réigiún ina bhfuil tú.

| Ainm | Soláthróir | Cuspóir | In éag | Cineál |
|---|---|---|---|---|
| AcastLang | Acast | Úsáidtear an fianán seo chun an teanga is fearr leis an gcuairteoir a chinneadh agus socraíonn sé an teanga dá réir ar an suíomh gréasáin, más féidir. | Seasmhach | HTML |

Cabhraíonn fianáin staitisticí le húinéirí suíomhanna gréasáin tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn cuairteoirí le suímh ghréasáin trí fhaisnéis gan ainm a bhailiú agus a thuairisciú.

| Ainm | Soláthróir | Cuspóir | In éag | Cineál |
|---|---|---|---|---|
| _ga | Google | Cláraíonn sé aitheantas uathúil a úsáidtear chun sonraí staitistiúla a ghiniúint ar an gcaoi a n-úsáideann an cuairteoir an suíomh gréasáin. | 2 bhliain | HTTP |
| _gat | Google | Úsáideann Google Analytics é chun ráta iarratais a scóigeadh | lá amháin | HTTP |
| _gid | Google | Cláraíonn sé aitheantas uathúil a úsáidtear chun sonraí staitistiúla a ghiniúint ar an gcaoi a n-úsáideann an cuairteoir an suíomh gréasáin. | lá amháin | HTTP |
| collect | Google | Úsáidtear é chun sonraí a sheoladh chuig Google Analytics faoi ghléas agus iompar an chuairteora. Rianaíonn sé an cuairteoir ar fud gléasanna agus bealaí margaíochta. | Seisiún | Picteilín |
| vuid | Vimeo | Bailíonn sé sonraí faoi chuairteanna an úsáideora ar an suíomh gréasáin, mar shampla cé na leathanaigh a léadh. | 2 bhliain | HTTP |
| td | Google | Cláraíonn sé sonraí staitistiúla ar iompar úsáideoirí ar an suíomh gréasáin. Úsáideann oibreoir an tsuímh gréasáin é d’anailís inmheánach. | Seisiún | Picteilín |

Úsáidtear fianáin mhargaíochta chun cuairteoirí a rianú ar fud suíomhanna gréasáin. Taispeántar fógraí atá ábhartha agus tarraingteach don úsáideoir aonair agus dá bhrí sin níos luachmhaire d'fhoilsitheoirí agus d'fhógróirí tríú páirtí.

| Ainm | Soláthróir | Cuspóir | In éag | Cineál |
|---|---|---|---|---|
| _ga_# | Google | Úsáidtear é chun sonraí a sheoladh chuig Google Analytics faoi ghléas agus faoi iompar an chuairteora. Rianaíonn sé an cuairteoir ar fud gléasanna agus bealaí margaíochta. | 2 bhliain | HTTP |
| #-# | YouTube | Ar feitheamh | Seisiún | HTML |
| iU5q-!O9@$ | YouTube | Cláraíonn sé aitheantas uathúil chun staitisticí a choinneáil ar na físeáin atá feicthe | Seisiún | HTML |

| Ainm | Soláthróir | Cuspóir | In éag | Cineál |
|---|---|---|---|---|
| | | ag an úsáideoir ar YouTube. | | |
| LAST_RESULT_ENTRY_KEY [x2] | YouTube | Úsáidtear é chun idirghníomhaíocht an úsáideora le hábhar leabaithe a rianú. | Seisiún | HTTP |
| nextId | YouTube | Úsáidtear é chun idirghníomhaíocht an úsáideora le hábhar leabaithe a rianú. | Seisiún | HTTP |
| requests | YouTube | Úsáidtear é chun idirghníomhaíocht an úsáideora le hábhar leabaithe a rianú. | Seisiún | HTTP |
| yt.innertube::nextId | YouTube | Cláraíonn sé aitheantas uathúil chun staitisticí a choinneáil ar na físeáin atá feicthe ag an úsáideoir ar YouTube. | Seasmhach | HTML |
| ytidb::LAST_RESULT_ENTRY_KEY [x2] | YouTube | Úsáidtear é chun idirghníomhaíocht an úsáideora le hábhar leabaithe a rianú. | Seasmhach | HTML |
| YtIdbMeta#databases [x2] | YouTube | Úsáidtear é chun idirghníomhaíocht an úsáideora le hábhar leabaithe a rianú. | Seasmhach | IDB |
| yt-remote-cast-available [x2] | YouTube | Stórálann sé sainroghanna seinnteora físe an úsáideora ag baint úsáid as físeán leabaithe YouTube | Seisiún | HTML |
| yt-remote-cast-installed [x2] | YouTube | Stórálann sé sainroghanna seinnteora físe an úsáideora ag baint úsáid as físeán leabaithe YouTube | Seisiún | HTML |
| yt-remote-connected-devices [x2] | YouTube | Stórálann sé sainroghanna seinnteora físe an úsáideora ag baint úsáid as | Seasmhach | HTML |

| Ainm | Soláthróir | Cuspóir | In éag | Cineál |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| | | físeán leabaithe YouTube | | |
| yt-remote-device-id [x2] | YouTube | Stórálann sé sainroghanna seinnteora físe an úsáideora ag baint úsáid as físeán leabaithe YouTube | Seasmhach | HTML |
| yt-remote-fast-check-period [x2] | YouTube | Stórálann sé sainroghanna seinnteora físe an úsáideora ag baint úsáid as físeán leabaithe YouTube | Seisiún | HTML |
| yt-remote-session-app [x2] | YouTube | Stórálann sé sainroghanna seinnteora físe an úsáideora ag baint úsáid as físeán leabaithe YouTube | Seisiún | HTML |
| yt-remote-session-name [x2] | YouTube | Stórálann sé sainroghanna seinnteora físe an úsáideora ag baint úsáid as físeán leabaithe YouTube | Seisiún | HTML |
| LogsDatabaseV2:V#\|\|LogsRequestsStore | YouTube | Ar feitheamh | Seasmhach | IDB |
| PREF | YouTube | Cláraíonn sé aitheantas uathúil a úsáideann Google chun staitisticí a choinneáil ar an gcaoi a n-úsáideann an cuairteoir físeáin YouTube ar shuíomhanna gréasáin éagsúla. | 8 mí | HTTP |
| remote_sid | YouTube | Riachtanach le haghaidh chur i bhfeidhm agus fheidhmiúlacht ábhar físe YouTube ar an suíomh gréasáin. | Seisiún | HTTP |
| ServiceWorkerLogsDatabase#SWHealthLog | YouTube | Riachtanach le haghaidh chur i bhfeidhm agus fheidhmiúlacht | Seasmhach | IDB |

| Ainm | Soláthróir | Cuspóir | In éag | Cineál |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| | | ábhar físe YouTube ar an suíomh gréasáin. | | |
| TESTCOOKIESENABLED | YouTube | Úsáidtear é chun idirghníomhaíocht an úsáideora le hábhar leabaithe a rianú. | lá amháin | HTTP |
| VISITOR_INFO1_LIVE | YouTube | Déanann sé iarracht bandaleithead na n-úsáideoirí a mheas ar leathanaigh ar a mbíonn físeáin YouTube. | 180 lá | HTTP |
| VISITOR_PRIVACY_METADATA | YouTube | Stórálann sé staid toilithe fianán an úsáideora don fhearann reatha. | 180 lá | HTTP |
| YSC | YouTube | Cláraíonn sé aitheantas uathúil chun staitisticí a choinneáil ar na físeáin atá feicthe ag an úsáideoir ar YouTube. | Seisiún | HTTP |

Is fianáin a bhfuilimid á rangú fós, in éineacht le soláthraithe fianán aonair, iad fianáin neamhrangaithe.

| Ainm | Soláthróir | Cuspóir | In éag | Cineál |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| filegator | www.galwaycity.ie | Ar feitheamh | Seisiún | HTTP |
| LS-BGNFEUWBBBYAHESZ | www.galwaycity.ie | Ar feitheamh | Seisiún | HTTP |
| LS-ITLUHQPCLASUHZSL | www.galwaycity.ie | Ar feitheamh | Seisiún | HTTP |
| LS-JWWZACSUFDKFVZDB | www.galwaycity.ie | Ar feitheamh | Seisiún | HTTP |
| LS-VSRNBLSNSDGCBGXR | www.galwaycity.ie | Ar feitheamh | Seisiún | HTTP |

Rinneadh nuashonrú ar dhearbhú fianán go deireanach ar 5/1/24 ag Cook